Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0090

Raon feidhme árachais taiscí, úsáid cistí scéimeanna ráthaithe taiscí, comhar trasteorann, agus trédhearcacht (DGSD2)

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Márta 2026 maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/49/AE a mhéid a bhaineann le raon feidhme cosanta taiscí, úsáid cistí scéimeanna ráthaithe taiscí, comhar trasteorann agus trédhearcacht a ghlacadh (15484/1/25 – C10-0074/2026 – 2023/0115(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (15484/1/25 – C10-0074/2026),

– ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Iúil 2023[1],

– ag féachaint don seasamh uaithi ar an gcéad léamh[2] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0228),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach,

– ag féachaint do Riail 68 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Ghnóthaí

---

1 IO C 307, 31.8.2023, lch. 19.
2 IO C, C/2025/3754, 17.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3754/oj

Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0065/2026),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta ar fad curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.